Tagann Ciorclán 0079/2022 Saoire Mhéala in ionad teidlíocht Saoire Mhéala faoin gCiorclán seo.

Tabhair ar aird le do thoil go bhfuil feidhm go fóill leis na rialacha maidir le tinreamh atá léirithe i Míreanna 11, 12 & 13 de chiorcláin SNA18/04.

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

**Ciorclán 0032/2010**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhoifigigh Feidhmiúcháin Choistí Gairmoideachais**

# NEAMHLÁITHREACHTAÍ GAIRIDE MAIDIR LE CÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA I MBUNSCOILEANNA AGUS IN IARBHUNSCOILEANNA AITHEANTA

Tugann an tAire Oideachais agus Scileanna ordú duit na rialacháin agus na nósanna imeachta maidir le neamhláithreachtaí gairide a fheidhmiú maidir le cúntóirí riachtanas speisialta a mbíonn a bpoist maoinithe ag airgead arna sholáthar ag an Oireachtas.

Tá na rialacháin agus na nósanna imeachta le feidhmiú ag gach fostóir le héifeacht ón 1ú Meán Fómhair 2010 agus ní mór do gach cúntóir riachtanas speisialta cloí le téarmaí an chiorcláin seo.

Gabhann an ciorclán seo in ionad gach ciorclán, meabhrán, rialacha agus rialacháin roimhe sin i ndáil le neamhláithreachtaí gairide maidir le cúntóirí riachtanas speisialta i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna aitheanta. Tabhair ar aird le do thoil go bhfuil feidhm go fóill leis na rialacha maidir le tinreamh atá léirithe i Míreanna 11, 12 & 13 de chiorcláin PPT07/04 agus SNA18/04. Cinntigh le do thoil go soláthrófar cóip den chiorclán seo chuig gach comhalta den Bhord Bainistíochta/Choiste Gairmoideachais agus go dtabharfar an t-ábhar atá ann ar aird gach múinteoir atá fostaithe agat lena n-áirítear iad siúd ar chead neamhláithreachta.

Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar láithreán gréasáin na Roinne www.education.ie faoi Baile – Foireann Scoile – Cúntóirí Riachtanas Speisialta.

Ba chóir aon fhiosrúchán maidir leis an gciorclán seo a sheoladh ar ríomhphost chuig: teachersna@education.gov.ie

D. Tattan
Príomhoifigeach
An Rannóg Scoileanna
Iúil 2010

P. Maloney
Príomhoifigeach
An Rannóg Párolla
Iúil 2010

# Neamhláithreachtaí Gairide maidir le Cúntóirí Riachtanas Speisialta ( SNA's)

**Sainmhínithe**

D'fhonn cuspóirí na scéime seo, beidh na míniúcháin atá sannaithe dóibh anseo ag na téarmaí a leanas mura léiríonn a gcomhthéacs a mhalairt:

**An Roinn** – ciallaíonn sin An Roinn Oideachais agus Scileanna.

**Fostóir** – ciallaíonn sin Coiste Gairmoideachais (VEC) i gcás gairmscoileanna/coláistí pobail agus Bord Bainistíochta/Bainisteoir i gcás bunscoileanna, meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha. Féadfaidh an Coiste Gairmoideachais nó an Bord Bainistíochta/an Bainisteoir an fhreagracht maidir le nithe atá leagtha amach sa chiorclán seo a tharmligean chun Príomhoide na scoile.

**Córas Éilimh Ar Líne (OLCS)** – ciallaíonn sin an córas atá i bhfeidhm faoi láthair i mbunscoileanna, i meánscoileanna deonacha, i bpobalscoileanna agus i scoileanna cuimsitheacha.

## 1. Eolas Ginearálta

Baintear leas as an téarma "neamhláithreacht ghairid" chun cur síos a dhéanamh ar neamhláithreachtaí ócáideacha sa ghearrthéarma a cheadaíonn an fostóir i rith na scoilbhliana.

- Ní mór cead a fháil ón bhfostóir roimh ré agus an cead sin a bheith ceadaithe maidir le gach neamhláithreacht faoin gciorclán seo.

- Forbróidh agus coimeádfaidh gach fostóir mar chuid de pholasaí foriomlán ar neamhláithreachtaí SNA, ráiteas polasaí a bheidh sonrach do riachtanais údaráis na scoile, i ndáil le ceadú neamhláithreachtaí gairide.

- Agus an polasaí seo á dhréachtú, tabharfar tosaíocht thar gach ní eile do riachtanais leasa agus oideachais na ndaltaí agus ba chóir neamhláithreachtaí a choimeád chomh íseal agus is féidir chun nach gcuirfear isteach ar dhualgais an SNA agus chun leanúnachas a chinntiú do gach dalta a mbítear ag freastal orthu lena n-áirítear seirbhísí SNA ionaid cláraithe atá láncháilithe agus oiriúnach a chinntiú chun dul i mbun na ndualgas más gá.

- Beidh feidhm le teidlíochtaí pro-rata maidir le neamhláithreachtaí faoin gciorclán seo le SNA's a bhíonn fostaithe ar bhonn páirtaimseartha.

- Is ionann neamhláithreacht do chuid de lá scoile agus neamhláithreacht do lá scoile iomlán.

- Féachfar ar aon neamhláithreacht nach bhfaigheann ceadú ón bhfostóir mar shaoire neamhfhaofa, déileálfar leis faoi nósanna imeachta smachta agus d'fhéadfaí go ndéanfaí an tuarastal a scor dá bharr.

- Ní leanfaidh neamhláithreachtaí thar fad chonartha fostaíochta an SNA.

**2. Saoire Méala – Ionadaíocht íoctha ag an Roinn /Coiste Gairmoideachais**

**Méala ina mbíonn duine den teaghlach i gceist**

Ceadófar saoire speisialta le pá do SNA i gcás méala duine den teaghlach.

**(a)** **5 lá comhleanúnach (deirí seachtaine san áireamh)** maidir le céilí, páirtí, leanbh nó duine a bhfuil an SNA i loco parentis

**(b)** **3 lá comhleanúnach (deirí seachtaine san áireamh)** maidir le tuismitheoir, deartháir, deirfiúr, tuismitheoir céile, leas-tuismitheoir, seantuismitheoir nó duine a chónaíonn leis an SNA i gcaideamh le cleithiúnas baile.

Sa chás go dtarlaíonn an bás i ndiaidh uaire scoile, tosaíonn an saoire speisialta an lá dár gcionn. Sa chás go dtarlódh an bás ar an deireadh seachtaine, mar shampla, ar an Satharn, tosóidh an saoire speisialta ón lá díreach tar éis an bháis i.e. an Domhnach.

**3. Saoire Force Majeure – An tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí 1998 – Ionadaíocht íoctha ag an Roinn /Coiste Gairmoideachais**

Ceadaíonn saoire Force Majeure saoire le pá do SNA do chúiseanna teaghlaigh práinneacha, mar thoradh ar ghortú nó tinneas duine den teaghlach, agus nach mór don SNA a bheith a láthair láithreach ag an áit sin ina mbíonn an duine sin den teaghlach, bíodh sin ina t(h)each féin nó in áit éigin eile, agus nach féidir déanamh dá uireasa.

Tá saoire Force Majeure teoranta do 3 lá in uasmhéid i 12 mí comhléanúnach, nó 5 lá i 36 mí comhleanúnach. Ní mór d'Údaráis na Scoile a chinntiú nach sáraítear na teorainneacha sin.

Sa chomhthéacs sin ciallaíonn "duine den teaghlach" na daoine a leanas; leanbh nó leanbh uchtaithe, céile/páirtí, duine a bhfuil an SNA i loco parentis, deartháir nó deirfiúr, tuismitheoir nó seantuismitheoir nó duine a chónaíonn leis an SNA i gcaidreamh le cleithiúnas baile.

**4. Neamhláithreachtaí Gairide Ginearálta**

Léirítear sna táblaí a leanas na himthosca a bhféadfaí cead do neamhláithreacht ghairid a cheadú, an uasmhéid laethanta atá incheadaithe i ndáil le gach neamhláithreacht agus an seasamh maidir le hionadaíocht. **Tabhair ar aird le do thoil nach mór don fhostóir fianaise i scríbhinn a choimeád agus ní mór fógra den neamhláithreacht a sheoladh chuig an Roinn (via an OLCS) nó chuig an gCoiste Gairmoideachais nuair is cuí.**

**(a) Ceadófar Saoire Íoctha maidir leis na neamhláithreachtaí a leanas. Íocfaidh an Roinn /Coiste Gairmoideachais ionadaíocht.**

| **An Chúis leis an Neamhláithreacht** | **Uasmhéid Laethanta** |
|---|---|
| Seirbhís Giúiré | An líon laethanta a bhreithníonn an chúirt sin a bheith riachtanach. |
| Freastal sa Chúirt a bhaineann leis an scoil | An líon laethanta a bhreithníonn an chúirt sin a bheith riachtanach. |

**(b) Ceadófar Saoire Íoctha maidir leis na neamhláithreachtaí a leanas. Ní íocfaidh an Roinn/Coiste Gairmoideachais ionadaíocht.**

| **An Chúis leis an Neamhláithreacht** | **Uasmhéid Laethanta** |
|---|---|
| Saoire Phósta | 7 lá comhleanúnach (deirí seachtaine san áireamh) agus infheidhme nuair a bhíonn an pósadh ar siúl i rith téarma scoile agus sin amháin. Má tharlaíonn an pósadh i rith na laethanta saoire ní bheidh saoire in lieu incheadaithe. |
| Bainis *duine den neastheaghlach.<br><br>*ciallaíonn sin leanbh nó leanbh uchtaithe, duine a bhfuil an SNA i loco parentis, deartháir nó deirfiúr, nó tuismitheoir. | 1 lá amháin agus ní bheidh sin infheidhme ach amháin má tharlaíonn an bhainis ar lá a bhíonn an scoil ar oscailt |
| Finné sa Chúirt | An líon laethanta mar a éilíonn an toghairm nó an subpoena. |
| Saoire Scrúdaithe a bhaineann le Dualgais an SNA. | Laethanta na scrúdaithe agus sin amháin |

**5. Saoire Gan Phá – Ionadaíocht íoctha ag an Roinn /Coiste Gairmoideachais**

- Níor chóir neamhláithreachtaí a bhíonn sa bhreis ar na forálacha atá léirithe i bParagraif 2-4 sa chiorclán seo a bhreithniú ach amháin in imthosca eisceachtúla, nuair a bhíonn an fostóir sásta go bhfuil oibleagáid dosheánta i gceist maidir leis an neamhláithreacht ón obair. Níor chóir neamhláithreachtaí faoin gceannteideal seo a úsáid chun ionadú a dhéanamh ar chineálacha eile saoire, reachtúil nó eile agus níor chóir go mbeadh sin ag síortharlú.

- Is ionann an uasmhéid de shaoire gan phá a fhéadfar a thógáil agus 10 lá scoile i scoilbhliain.

- Tabharfaidh an fostóir fógra maidir le gach saoire gan phá don Roinn (via an Córas Éilimh Ar Líne)/Choiste Gairmoideachais beag beann ar cibé ar fostaíodh SNA ionaid. Cuirfear isteach iarratais ar shaoire gan phá ar an gcóras OLCS chomh luath agus is féidir tar éis iad a bheith ceadaithe ag an bhfostóir lena chinntiú go ndéanfar na hasbhaintí pá ag an am ceart. Ba chóir a thabhairt ar aird nach féidir neamhláithreacht do shaoire gan phá a athrú tráth a mbíonn sin próiseáilte ar an gCóras Éilimh ar Líne.

- Ní chuirfidh neamhláithreachtaí faoin gceannteideal seo isteach ar theidlíochtaí faoi Shaoire Reachtúil.